**Foirm SUSI - Tusla don Bhliain Acadúil 2025/26**

Comlánaigh gach mír le do thoil.

Ní mór don fhoirm seo a bheith sínithe agus stampáilte ag d'oibrí cúraim ainmnithe

**Mír A – Sonraí an Iarratasóra (Le comhlánú ag an iarratasóir**

| | |
|---|---|
| Ainm an Iarratasóra: | |
| Uimhir Thagartha SUSI: | |
| Dáta breithe an Iarratasóra: | |
| Seoladh an Iarratasóra (ina bhfuil siad ina gcónaí faoi láthair): | |
| Bliain Acadúil:<br>(e.g. 2025/26 do chúrsaí ag tosú i Meán Fómhair 2025) | |

**Mír B – Eolas faoi Liúntais (Le comhlánú ag Oifigeach de chuid Tusla)**

| | | |
|---|---|---|
| 1. An bhfuil an t-iarrastasóir seo faoi chúram na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach/Tusla i láthair na huaire nó ag fáil Seirbhís Iarchúraim?<br><br>(Mura bhfuil, téigh ar aghaidh go dtí ceist 3.) | Tá ☐ | Níl ☐ |
| 2. Má tá, an féidir leat a dheimhniú ó do thaifid, an raibh an t-iarratasóir ina c(h)ónaí sa Stát ar feadh 3 na de 5 bliana is deireanaí? Cabhróidh sé seo le SUSI an cháilitheacht a dheimhniú faoinár gcritéir chónaitheachta. | Tá ☐ | Níl ☐ |
| 3. Ar íocadh liúntas i leith an iarratasóra ar 31 Nollaig 2024? | Tá ☐ | Níl ☐ |

**Cuir an saghas liúntais in iúl, le do thoil:**

Liúntas Cúraim Altrama ☐

Liúntas Iarchúraim ☐

Liúntas um Maireachtáil Neamhspleách do Dhaoine Óga faoi Chúram Cónaitheach ☐

Eile (Sonraigh, le do thoil) ☐

**Nótaí Breise: (Eolas a bhaineann leis an iarratas ar dheontas mic léinn amháin)**

**Mír C – Bailíochtú de chuid Tusla (Le comhlánú ag Oifigeach de chuid Tusla)**

| | |
|---|---|
| Comhlánaithe ag: (Síniú) | |
| Post: | |
| Sonraí Teagmhála: | Fón:<br>Ríomhphost: |
| Dáta: | |

Stampa Anseo

## Nótaí táchachtacha

Chun iarratais a phróiseáil nuair atá sé ráite ag an iarratasóir go bhfuil siad faoi chúram altrama/cónaitheach/iarchúraim, éilíonn SUSI go gcomhlánófar an Fhoirm SUSI-Tusla 2025/26, agus go ndéanfaidh an t-oibrí cúraim ainmnithe í a shíniú agus a stampáil agus í a chur ar aghaidh chun tacú leis an iarratas.

**An Fhaisnéis a chuireann tú ar fáil:**

**Próiseáil Sonraí – Cén úsáid a mbainimid as:**

I measc na faisnéise a chuireann iarratasóirí ar aghaidh faoin scéim deontais mhic léinn, tá sonraí faoi ioncam a fuarthas go díreach ó chomhlachtaí Rialtais eile nó ioncam a fuarthas faoi scéimeanna atá á riar ag gníomhaireachtaí ar nós Tusla thar ceann an Rialtais.

Próiseáiltear na sonraí chun faisnéis a fhíorú atá curtha ar fáil mar chuid d'iarratas ar dheontas mic léinn, nó faisnéis atá ábharach chun cáilitheacht iarratasóra ar dheontas mic léinn a dheimhniú. Próiseáiltear na sonraí go léir a fhaightear go sonrach chun sonraí iarratasóra a fhíorú agus a bhailíochtú maidir lena n-ioncam inríofa don tréimhse thagartha agus a gcáilitheacht ionchasach maidir leis an ráta deontais speisialta.

Tá na socrúcháin roinnte sonraí go léir á rialú ag socrúcháin roinnte sonraí atá ann le gach ceann de na comhlachtaí roinnte sonraí faoi seach. Tá liosta díobh siúd le fáil ar an leathanach gréasáin de chuid SUSI ina bhfuil an Ráiteas um Chosaint Sonraí.

**Sonraí a Choimeád – Cén fhad a choimeádfaimid faisnéis a sholáthraítear:**

Coimeádann SUSI sonraí pearsanta chun críocha deontais a riar, iniúchadh a dhéanamh agus cásanna a athbhreithniú. Ós rud é gur cuid í an fhaisnéis a soláthraíodh thuas d'iarratas an iarratasóra ar dheontas mic léinnn, coimeádfar an fhoirm seo ar aon dul le Sceideal Coimeádta Sonraí SUSI agus beidh sé ag brath ar roinnt critéar, an stádas bronnta san áireamh.

**Slándáil Sonraí – Cé aige a bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis seo:**

Tógann SUSI bearta slándála cuí i gcoinne rochtain neamhúdaraithe ar, athruithe ar, nochtadh nó scrios ar shonraí agus i gcoinne caillteanais nó scrios sonraí trí thimpiste. Coimeádann SUSI sonraí go sábháilte trí rúndacht, sláine agus inúsáidteacht na sonraí pearsanta a chosaint. Tá tuilleadh eolais le fáil faoi chosaint sonraí agus sonraí a roinnt i Ráiteas um Chosaint Sonraí de chuid SUSI. Cinntíonn SUSI nach mbeidh rochtain ar an bhfaisnéis a sholáthraítear ach ag an líon is lú foirne atá riachtanach chun deimhniú maidir le cáilítheacht ar dheontas a dhéanamh.

## Toiliú

Éilíonn an Reachtaíocht um Chosaint Sonraí go mbeidh toiliú follasach tugtha ag Ábhar na Sonraí (an t-iarratasóir) chun go mbeidh údarú ag SUSI faisnéis a roinnt, atá bainteach lena (h)arratas, le haon duine nach bhfuil baint acu leis an iarratas. Má theastaíonn ón iarratasóir go ndéanfaidh an t-oibrí cúraim ainmnithe i Tusla cumarsáid le SUSI thar a c(h)eann maidir lena (h)iarratas ar dheontas mic léinn, ní mór dó/di an socrú toilithe atá aige/aici a nuashonrú trí logáil isteach ina c(h)untas SUSI, cliceáil ar an táb 'Mo Shonraí' agus an t-oibrí cúraim i Tusla a chur lena s(h)ocruithe príobháideachais.

## Neamhaird Ioncaim

Faoi Alt 22(4) den Scéim Deontais do Mhic Léinn 2025, tugtar "neamhard iomcaim" ar Liúntais Altrama agus Iarchúraim agus Maireachtáil Neamhspleách. Ní áirítear na híocaíochtaí seo nuair atá an t-ioncam inríofa á ríomh.

## Cáilitheacht don Ráta Speisialta

Liostáiltear i sceideal 2 den Scéim Deontais do Mhic Léinn na híocaíochtaí cáilithe don ráta speisialta den deontas cothaithe don bhliain acadúil 2025/26.

D'fhéadfadh sé go mbeidh an t-iarratasóir cáilithe don ráta speisialta deontais má íoctar Liúntas Cúraim Altrama, Liúntas Iarchúraim agus an Liúntas Maireachtáil Neamhspleách do Dhaoine Óga faoi Chúram Cónaitheach i leith an iarratasóra. Ní mór go mbeidh an íocaíocht seo á híoc ar 31 Nollaig 2024 chun cáiliú don ráta speisialta deontais.

Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig SUSI in éineacht leis an sceideal doiciméid atá faighte ag an iarratasóir ó SUSI.

**Líon isteach gach cuid den fhoirm, le do thoil.**

**D'fhéadfaí go gcuirfí moill ar iarratas ar dheontas an iarratasóra a mheas mura bhfuil na foirmeacha comhlánaithe go hiomlán**